2025/1299

30.6.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1299 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 24 Meitheamh 2025

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/1/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle an 25 Samhain 2005 maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) ([1]) a bhunú, agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí).

(2) An 26 Meitheamh 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1818 ([2]), lena gceaptar Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025

(3) An 29 Aibreán 2025, mhol an tArdionadaí go ndéanfaí síneadh a chur le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin EU BAM Rafah,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le sainordú EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK

([1]) IO L 327, 14.12.2005, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2005/889/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1818 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Meitheamh 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/1/2024) (IO L, 2024/1818, 27.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1818/oj).